



Scrúdú an Teastais Shóisearaigh, 2014

***Teicneolaíocht Ábhar (Adhamad)
Gnáthleibhéal
Roinn B (60 marc)***


***Dé Luain, 16 Meitheamh
Tráthnóna, 2:00 - 4:00***

Treoracha

- (a) Freagair trí cheist ar bith. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.
- (b) Freagair ceist 5A nó ceist 5B ach ná freagair an dá ceann.
- (c) Scríobh do scríduimhir ar do fhreagarleabhar agus ar gach bileog eile a úsáidtear.
- (d) Nuair is gá sceitsí, is féidir sceitsí saorláimhe a dhéanamh nó úsáid a bhaint as an ngrapfháipéar a chuirtear ar fáil.
- (e) Ní mór Ceist 2 sa Roinn seo a fhreagairt ar pháipéar líniúchta. Ba chóir gach freagra scriofa eile a thabhairt ar an bhfreagarleabhar atá curtha ar fáil.

- Taispeánann na grafaicí seastán déanta as mahagine. Tá poll, le trastomhas 180mm, gearrtha isteach ina bharr chun babhla do bhia madra a choinneáil mar a thaispeántar.


- (i) Ainmnigh **agus** sceitseáil uirlis **amháin** a úsáidtear chun an poll ciorclach a ghearradh amach.
- (ii) Agus nótaí agus **sceitsí néata saorláimhe** á n-úsáid agat, déan cur síos ar conas a d'fhéadfaí an poll ciorclach a ghearradh amach agus ar conas bailchríoch mhín a cur air.
- (iii) Agus nótaí agus **sceitsí néata saorláimhe** á n-úsáid agat, déan cur síos ar mhodh oiriúnach chun an ráille **A** agus an chos **B** a cheangal le chéile.



- Taispeánann an íomhá ar dheis agus an líníocht thíos seastán adhmaid do choinnle.

Tá trí pholl chiorclacha sa seastán le gabhdáin ghloine ann do na coinnle mar a thaispeántar.

Tá an t-ábhar go léir **10mm** ar tiús.




- (i) Tarraing, ina lánmhéid, **Aghaidhchló** ag féachaint sa treo ina bhfuil an tsaighead **A**.

- (ii) Teilg **Taobhchló** ón aghaidhchló.

- (iii) Cuir isteach **ceithre** phríomhthoise.

Taispeán go soiléir na toislínte agus na cinn saighde.




3. Roinntear crainn ina dhá phríomhghrúpa, buaircíneach agus duillsilteach.

- (i) Agus nótaí agus *sceitsí néata saorláimhe* á n-úsáid agat, déan cur síos ar **thrí** thréith atá ag crainn bhuaircíneacha.



- (ii) Agus nótaí agus *sceitsí néata saorláimhe* á n-úsáid agat, déan cur síos ar **thrí** thréith atá ag crainn dhuillsilteacha.



- (iii) Tabhair **dhá** úsáid don adhmad ó **(a)** chrainn bhuaircíneacha
agus
(b) chrainn dhuillsilteacha.

4. Taispeántar sa léaráid bosca litreach le feistiú ar bhalla.

- (i) Agus nótaí agus *sceitsí néata saorláimhe* á n-úsáid agat, déan cur síos ar conas feabhas a chur ar dhearadh an bhosca litreach chun go mbeidh sé níos éasca é a oscailt.



- (ii) Agus nótaí agus *sceitsí néata saorláimhe* á n-úsáid agat, déan cur síos ar **dhá** fheabhsúchán a dhéanfá ar dhearadh an bhosca litreach chun dreach níos fearr a chur air.

- (iii) Mol bailchríoch oiriúnach le cur ar an mbosca litreach agus luaigh **dhá** chúis le do rogha bailchríoch.

5. Freagair 5A nó 5B

- 5A. Sa léaráid taispeántar babhla a deileadh ar dheil. Tá an babhla déanta as bloic sheiceamair agus mhahagaine agus iad gliúáilte le chéile.

- (i) Agus nótáí agus **sceitsí néata**

saorláimhe á n-úsáid agat, déan cur síos ar na céimeanna atá i gceist chun an t-adhmaid a ullmhú sula ngléastar ar an deil é chun an babhla a dhéanamh.

- (ii) Ainmnigh uirlis chasta **amháin** a d'fhéadfaí a úsáid chun an babhla a dhéanamh agus déan **sceitse néata** **saorláimhe** den uirlis.

- (iii) Liostaigh **trí** réamhchúram ar leith ba chóir a chomhlíonadh agus deil á húsáid. Tabhair cúis le **gach** réamhchúram sábháilteachta.



NÓ

- 5B. Sa léaráid taispeántar cás adhmaid le haghaidh fón póca ar baineadh úsáid as veinírí chun é a mhaisiú.

- (i) Agus nótáí agus **sceitsí néata saorláimhe**

á n-úsáid agat, déan cur síos ar conas a ghearrrtar veinírí as tamhain.

- (ii) Agus nótáí agus **sceitsí néata saorláimhe** á n-úsáid agat, déan cur síos ar na céimeanna éagsúla atá i gceist agus veinírí in úsáid, chun an éifeacht mhaisiúil a thaispeántar sa léaráid a chruthú.

- (iii) Ainmnigh greamachán oiriúnach **amháin** le haghaidh veinírithe.

Luaigh **dhá** chuíis le do rogha.

